COVID-19 VACCINE Public Health Advice



Tá tinneas ann ar a dtugtar COVID-19 a d'fhéadfadh páistí a dhéanamh tinn. Tugtar coróinvíreas air uaireanta.



Dá bharr d'fhéadfadh sé nach mbeadh muid in ann dul ar scoil ná ár gcairde a fheiceáil.



Tá a lán páistí ag fáil vacsaín COVID-19. Tá sé faighte ag a lán daoine fásta cheana féin.



Má fhaigheann muid an vacsaín COVID-19, beidh cosaint againn agus ní bheidh muid an-tinn.



D’fhéadfadh an vacsaín cabhrú le stop a chur le scaipeadh COVID-19 – ag coinneáil níos mó daoine slán.



Rachaidh mé chuig ionad vacsaínithe chun mo vacsaín COVID-19 a fháil.



Tabharfaidh duine fásta chuig an ionad mé agus fanfaidh sé liom an t-am ar fad.



Is féidir liom an leabhar, teidí nó an bréagán is fearr liom a thabhairt liom. Is féidir liom cosantóir cluas nó cluasáin a thabhairt liom freisin.



Nuair a bheidh mé ag fáil an vacsaín, suífidh an duine fásta atá liom i gcathaoir agus beidh mé in ann suí ina ghabhail, más maith liom.



Tá mé níos sine agus mar sin beidh masc orm agus suífidh mé i gcathaoir.



Tá a lán eolais ag an duine a thabharfaidh an vacsaín dom agus beidh mé in ann ceisteanna a chur.



Nuair a bheidh mé réidh, crapfaidh mé suas mo mhuinchille agus gheobhaidh mé snáthaid i mo sciathán. D’fhéadfadh sé go n-aireoinn pinse beag.



Fanfaidh mé tamall beag tar éis
dom an vacsaín a fháil.



Beidh sé in am imeacht ansin agus dul abhaile.



D’fhéadfadh sé go n-aireoinn te nó tuirseach nó go mbeadh tinneas cinn orm nuair a thiocfaidh mé abhaile. D’fhéadfadh pian bheag a bheith i mo sciathán freisin.



Déarfaidh mé é sin leis na daoine fásta i mo theaghlach agus b'fheidir go dtabharfaidís cógas dom le go n-aireoidh mé níos fearr.



Beidh ar pháistí dhá shnáthaid a fháil. Rachaidh muid chuig an ionad vacsaínithe arís chun an dara snáthaid a fháil.



Má fhaigheann muid an vacsaín, beidh muid ag coinneáil gach duine slán.